Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Márta 2022
(OR. en)

6872/22
PV CONS 12
JAI 288
COMIX 115

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Ceartas agus Gnóthaí Baile)

3 agus 4 Márta 2022

# CLÁR

**Leathanach**


GNÓTHAÍ BAILE

1. Glacadh an chláir oibre ..... 4

2. Formheas na míreanna 'A'
   a) Liosta gníomhaíochtaí neamhreachtacha ..... 4
   b) Liosta don phlé reachtach ..... 5

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. Freagairt na hEorpa ar an staid san Úcráin ..... 5
   a) Cinneadh lena gcuirtear chun feidhme an chosaint shealadach dá bhforáiltear i dTreoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001
   b) Saincheisteanna eile a bhaineann leis an staid san Úcráin

4. Tearmann-Imirce: athbhreithniú ar an dul chun cinn ..... 5

**Plé reachtach**

5. Aon ghnó eile ..... 5
   Tograí reachtacha reatha

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

RIALACHAS POLAITIÚIL LIMISTÉAR SCHENGEN ('COMHAIRLE SCHENGEN')

6. Staid ghinearálta limistéar Schengen ..... 6
   a) Rialachas polaitiúil Schengen
   b) Tuairisc staide

7. Rialachán ón gComhairle maidir le sásra meastóireachta agus faireacháin Schengen ..... 6

SAINCHEISTEANNA EILE GNÓTHAÍ BAILE

8. Conclúidí maidir le hobair cosanta sibhialta i gcoinne an athraithe aeráide ..... 6

9. Ráiteas ón gComhairle maidir leis na fógraí dearga ó Interpol ..... 6

10. Aon ghnó eile ..... 6

CEARTAS

**Plé reachtach**


11. r-fhianaise ... 7
    a) Rialachán maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach
    b) Treoir maidir le hionadaithe dlí agus fianaise á bailiú

12. Aon ghnó eile ... 7
    a) Tograí reachtacha reatha
    b) Treoir maidir le dícheall cuí corparáideach ('rialachas corparáideach inbhuanaithe')
    c) Ionstraim sonraí


**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**


13. Cinneadh ón gComhairle maidir leis an bhfuathchaint agus leis an bhfuathchoireacht ... 7

14. Cearta bunúsacha ... 7
    a) Malartú tuairimí le Stiúrthóir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)
    b) Conclúidí maidir leis an gciníochas agus an frithsheimíteachas a chomhrac

15. Saincheisteanna a bhaineann le rochtain ar dhlíodóir ... 7

16. Aon ghnó eile ... 7
    a) Líomhaintí maidir le mangaireacht tionchair
    b) Líomhaintí maidir le foréigean a imríodh ar lucht agóide le linn na n-agóidí i gcoinne srianta COVID-19
    c) Breitheamh Polannach a ionchúiseamh sa Bhealarúis

IARSCRÍBHINN - Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle ... 8


***

**DÉARDAOIN, AN 3 MÁRTA 2022 (9.16)**

**GNÓTHAÍ BAILE**

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 6543/22.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta gníomhaíochtaí neamhreachtacha** 6544/22

Ghlac an Chomhairle na míreanna 'A' a liostaítear in 6544/22, lena n-áirítear na doiciméid COR agus REV a cuireadh faoina bráid lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna seo san Aguisín.

Le haghaidh na míreanna seo a leanas, léitear na doiciméid mar a leanas:

Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

| | | | |
|---|---|---|---|
| 8. | Aistriú Uimh. DEC 05/2022 (Roinn III – an Coimisiún)<br>*Formheas*<br>a d'fhormheas Coreper (Cuid 2) an 23.2.2022 | C | 6210/22<br>6061/22 **+ COR 1 (es)**<br>FIN |

Seasaimh ón Aontas sa chaibidlíocht idirnáisiúnta

| | | | |
|---|---|---|---|
| 17. | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh<br>*Glacadh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 2.3.2022 | C | 6414/22 + ADD 1<br>5663/22 **+ COR 1 (mt)**<br>PECHE |

Sláinte

| | | | |
|---|---|---|---|
| 20. | Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh chun comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí agus maidir le leasuithe comhlántacha ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta a chaibidil (2005)<br>*Glacadh*<br>a d'fhormheas Coreper (Cuid 1) an 23.2.2022 | | 6335/22 **+ COR 1 (es)**<br>+ ADD 1<br>**+ ADD 1 REV 1 (et)**<br>**+ ADD 1 REV 2 (lv)**<br>6133/22 + ADD 1<br>SAN |

(b) **Liosta don phlé reachtach** (plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 6545/22

Fostaíocht agus Beartas Sóisialta

**Athbhreithniú ar an Treoir maidir le carcanaiginí agus só-ghineacha ag an obair (an ceathrú tacar)** ❶C 6445/22 + ADD 1 + ADD 2 REV 2 PE-CONS 89/21 SOC
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 2.3.2022

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. (Bunús dlí: Airteagal 153 CFAE)

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

3. Freagairt na hEorpa ar an staid san Úcráin 6719/22
   a) Cinneadh lena gcuirtear chun feidhme an chosaint shealadach dá bhforáiltear i dTreoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001
      *Comhaontú i bprionsabal maidir le gníomhachtú*
   b) Saincheisteanna eile a bhaineann leis an staid san Úcráin

## SAINCHEISTEANNA EILE GNÓTHAÍ BAILE

4. Tearmann/Imirce: athbhreithniú ar an dul chun cinn[1] 6264/22
   *Tuarascáil ar dhul chun cinn*

## Plé reachtach
## (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**5. Aon ghnó eile** 6308/22
**Tograí reachtacha reatha**
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug na hairí dá n-aire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i dtaca le comhaid reachtacha éagsúla.

[1] Go heisceachtúil, i láthair Stáit Chomhlachaithe Schengen.
Tugtar cuireadh do na gníomhaireachtaí Eorpacha EUAA agus Frontex a bheith i láthair don mhír seo.

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

### RIALACHAS POLAITIÚIL LIMISTÉAR SCHENGEN ('COMHAIRLE SCHENGEN')

6. Staid ghinearálta limistéar Schengen[2]
   (a) Rialachas polaitiúil Schengen
   (b) Tuairisc staide — 6234/22 + COR 1
   *Malartú tuairimí* — 6408/22

7. Rialachán ón gComhairle maidir le sásra meastóireachta agus faireacháin Schengen — C — 6685/22
   *Cur chuige ginearálta*

### SAINCHEISTEANNA EILE GNÓTHAÍ BAILE

8. Conclúidí maidir le hobair cosanta sibhialta i gcoinne an athraithe aeráide — 6528/22
   *Formheas*

9. Ráiteas ón gComhairle maidir leis na fógraí dearga ó Interpol — 6217/22
   *Formheas*

10. Aon ghnó eile

**DÉ hAOINE, AN 4 MÁRTA 2022 (10.15)**

**CEARTAS**

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**11. r-fhianaise**
   **(a) Rialachán maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach** — ❶C — 6322/22 + COR 1
   **(b) Treoir maidir le hionadaithe dlí agus fianaise á bailiú** — ❶C
   *Tuarascáil ar dhul chun cinn*

   Chuir an Uachtaránacht tuarascáil ar dhul chun cinn ar fáil maidir leis an gcaibidlíocht leanúnach le Parlaimint na hEorpa maidir leis an dá thogra reachtacha sin, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an gcruinniú tríthaobhach deireanach a bhí ar siúl an 1 Márta 2022.

---

[2] Tugtar cuireadh do na gníomhaireachtaí Eorpacha Frontex, Europol agus eu-LISA a bheith i láthair don mhír seo.

**12. Aon ghnó eile**

**a) Tograí reachtacha reatha** 6308/22

*Faisnéis ón Uachtaránacht*

**b) Treoir maidir le dícheall cuí corparáideach ('rialachas corparáideach inbhuanaithe')**

**c) Ionstraim sonraí**

*Faisnéis ón gCoimisiún*

Chuir an Uachtaránacht an Chomhairle ar an eolas faoi staid na himeartha i dtaca leis na tograí reachtacha reatha i réimse an cheartais.

Chuir an Coimisiún faisnéis ar fáil don Chomhairle maidir le dhá thogra reachtacha le déanaí: na tograí le haghaidh Treoir maidir le dícheall cuí corparáideach agus le haghaidh Ionstraim Sonraí.

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

13. Cinneadh ón gComhairle maidir leis an bhfuathchaint agus leis an bhfuathchoireacht [C] 6523/22
*Díospóireacht bheartais*

14. Cearta bunúsacha
(a) Malartú tuairimí le Stiúrthóir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)
(b) Conclúidí maidir leis an gciníochas agus an frithsheimíteachas a chomhrac 6406/22
*Formheas*

15. Saincheisteanna a bhaineann le rochtain ar dhlíodóir 6319/22
*Malartú tuairimí*

16. Aon ghnó eile
(a) Líomhaintí maidir le mangaireacht tionchair
(b) Líomhaintí maidir le foréigean a imríodh ar lucht agóide le linn na n-agóidí i gcoinne srianta COVID-19
(c) Breitheamh Polannach a ionchúiseamh sa Bhealarúis
*Faisnéis ó thoscaireacht na Polainne*

---

[1] An chéad léamh

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**IARSCRÍBHINN**

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 6545/22**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Athbhreithniú ar an Treoir maidir le carcanaiginí agus só-ghineacha ag an obair (an ceathrú tacar)**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le raon feidhme Threoir 2004/37/CE**

'Tá an chomhthuiscint ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle maidir le táirgí íocshláinte guaiseacha ina bhfuil substaintí a chomhlíonann na critéir lena n-aicmiú mar charcanaigineach (catagóirí 1A nó 1B), só-ghineach (catagóirí 1A nó 1B) nó tocsaineacht maidir le síolrú (catagóirí 1A nó 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, go dtagann siad faoi raon feidhme Threoir 2004/37/CE. Tá feidhm ag ceanglais uile Threoir 2004/37/CE maidir le táirgí íocshláinte guaiseacha dá réir sin.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**
**maidir le táirgí íocshláinte guaiseacha**

'Cuireann an Coimisiún chun suntais a thábhachtaí atá sé oibrithe a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha ar an tsláinte is féidir a bheith ag nochtadh do tháirgí íocshláinte guaiseacha áirithe ag an obair.

I ndáil leis sin, aithnítear go dtagann táirgí íocshláinte guaiseacha áirithe faoi raon feidhme Threoir 2004/37/CE, is é sin, táirgí íocshláinte guaiseacha áirithe ina bhfuil substaint amháin nó roinnt substaintí a chomhlíonann na critéir maidir le haicmiú mar shubstaint atá carcanaigineach (catagóirí 1A nó 1B), só-ghineach (catagóirí 1A nó 1B) nó tocsaineach maidir le síolrú (catagóirí 1A nó 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**
**maidir leis an bplean gníomhaíochta agus tograí reachtacha**

'Na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar an gCoimisiún sa tríú mír d'Airteagal 18a maidir le plean gníomhaíochta a thíolacadh agus togra reachtach a thíolacadh, ní féidir leo dul i gcoinne shainchumais institiúideacha an Choimisiúin ná i gcoinne a chirt tionscnaimh, rud a thagann go díreach ó na Conarthaí.

Sa tríú mír d'Airteagal 18a, tagraítear d'Airteagal 16 de Threoir 2004/37/CE, ina leagtar síos oibleagáid teorainnluachanna a leagan síos ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, i ndáil leis na substaintí uile sin a bhfuil an méid sin indéanta ina leith. Agus an fhoráil seo á cur chun feidhme aige, iarrtar ar an gCoimisiún freisin an plean gníomhaíochta dá dtagraítear sa tríú mír d'Airteagal 18a a thíolacadh. Ar chúiseanna trédhearcachta, is éard a bheidh sa phlean gníomhaíochta sin liosta de na chéad 25 shubstaint nua nó leasaithe eile a ndéanfar meastóireacht eolaíoch orthu. Beidh na meastóireachtaí ar na substaintí a liostaítear ina gcuid den nós imeachta bunaithe lena n-áirítear comhairliúchán leis na comhpháirtithe sóisialta, tuairim an Choiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, agus measúnú tionchair lena n-ullmhaítear aon togra reachtach is gá in am trátha.'

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR, ÓN gCIPIR, ÓN DANMHAIRG, ÓN EASTÓIN, Ó ÉIRINN, ÓN nGEARMÁIN, ÓN LAITVIA, ÓN LIOTUÁIN, Ó LUCSAMBURG, ÓN OSTAIR, ÓN bPORTAINGÉIL, ÓN RÓMÁIN, ÓN tSLÓVAIC, ÓN UNGÁIR**

'Tacaíonn an Bhulgáir, an Chipir, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ostair, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an Ungáir le haon bheart chun sábháilteacht agus sláinte oibrithe a fheabhsú. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh dóibh an dul chun cinn atá déanta ní hamháin maidir le teorainnluachanna nua agus níos déine a leagan síos do charcanaiginí ach maidir le raon feidhme na Treorach a leathnú chuig substaintí atá tocsaineach maidir le síolrú.

Is trua, áfach, go ndearnadh athruithe suntasacha den sórt sin gan baint a bheith ag an gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair leo. Bheadh sé inmhianaithe anailís mhionsonraithe a dhéanamh cé acu airteagal nó foráil ba cheart a bheith i bhfeidhm nó nach mbeadh i bhfeidhm i ndáil le tocsaineacht maidir le síolrú. Baineann sé sin go háirithe leis na ceanglais íosta maidir le faireachas sláinte.'